2025/1170

16.6.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1170 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meitheamh 2025

lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe maidir le tarchur sonraí faoi Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3684)

(Is iad na téacsanna Ollainnise, Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Rómáinise agus Spáinnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire agus an Rómáin iarraidh ar mhaoluithe mar gheall ar an ngá le hoiriúnuithe móra a dhéanamh ar a gcórais staidrimh náisiúnta chun Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a chomhlíonadh. Ba cheart na maoluithe sin a dheonú ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a mhéad do na Ballstáit iarrthacha.

(2) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear na maoluithe ó Rialachán (AE) Uimh. 691/2011, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, do Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire agus an Rómáin ar feadh na dtréimhsí tagartha faoi seach a liostaítear ann.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Poblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, agus an Rómáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Valdis DOMBROVSKIS
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 192, 22.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/691/oj.

IARSCRÍBHINN

MAOLUITHE

Ballstáit	Maolú	Deireadh an mhaolaithe
Ríocht na Beilge	Iarscríbhinn IX Modúl maidir le cuntais éiceachórais	an 22 Nollaig 2028
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	Iarscríbhinn VIII Modúl maidir le fóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe comhchosúla, roinn 5, táblaí tuairiscithe, pointe 3. Aistrithe is infhaighte ag corparáidí ón rialtas ginearálta agus iad grúpáilte de réir aicmiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Rev. 2	an 23 Nollaig 2026
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	Iarscríbhinn IX Modúl maidir le cuntais éiceachórais	an 30 Meitheamh 2027
An Phoblacht Heilléanach	Iarscríbhinn VII Modúl maidir le Cuntais Fhoraoiseacha	an 27 Meán Fómhair 2027
Ríocht na Spáinne	Iarscríbhinn VII Modúl maidir le Cuntais Fhoraoiseacha	an 27 Meán Fómhair 2027
Ríocht na Spáinne	Iarscríbhinn IX Modúl maidir le Cuntais Éiceachórais, roinn 5, táblaí tuairiscithe 1. Cuntais i dtaca le fairsinge an éiceachórais	an 23 Nollaig 2027
Ríocht na Spáinne	Iarscríbhinn IX Modúl maidir le Cuntais Éiceachórais, roinn 5 táblaí tuairiscithe 2. Cuntais i dtaca le seirbhísí éiceachórais; roinn 3 liosta saintréithe 3. Cuntais i dtaca le ríocht an éiceachórais ina dtaifeadtar saintréithe an éiceachórais	an 22 Nollaig 2028
Poblacht na Fraince	Iarscríbhinn IX Modúl maidir le cuntais Éiceachórais, roinn 3 4 (a) Seirbhísí soláthair, pailniú 4 (b) Seirbhísí rialála agus cothabhála, scagachán aeir 4 (b) Seirbhísí rialála agus cothabhála, rialú áitiúil na haeráide	an 23 Nollaig 2027
Poblacht na hIodáile	Iarscríbhinn VII Modúl maidir le cuntais fhoraoiseacha, roinn 5, táblaí tuairiscithe 1 Limistéar coillearnaí; 2 Méid an adhmaid; 3 Luach an adhmaid.	an 27 Meán Fómhair 2027
Poblacht na Cipire	Iarscríbhinn VIII Modúl maidir le fóirdheontais chomhshaoil agus aistrithe comhchosúla	an 23 Nollaig 2027
an Rómáin	Iarscríbhinn IX Modúl maidir le cuntais éiceachórais	an 22 Nollaig 2028